Tugadh oirne easbhuidh mhór

[R. A. Breatnach: ‘Marbhna Fhearchoir Í Mháoil Chíaráin’, *Éigse* 3, 165-85]

Ó Máoil Chíaráin cc.

1 Tugadh oirne easbhuidh mhór,
cneasghuin na coinnle rom chríon,
mo leanabh óm leas do ládh,
do beanadh mo lámh dheas díom.

2 Do folchadh gile a ghrúadh mbreac,
budh búan ar mo chridhe a chnoc,
faríor nocha m*h*ar mo mhac,
glan an tshlat do bhíodh fám brot.

3 Mo chalann atá gan treóir,
atá mh’anam isan úaigh,
rem áonmhac ní fhoil mo shúil,
cáolbhrat d’úir ghloin ar a ghrúaidh.

4 Gol a mháthar tar moir mhóir -
’na toigh atáthar gan treóir -
foghar ghuil mhíanaigh í Mháoil,
fáoidh luin ag íarruidh a eóin.

5 Do-rinne dom chroidhe chrú,
sinne ionar loighe dhá ló,
teagh úire giodh aige atá,
faide an lá dhúinne ioná dhó.

6 Mo sheise tar an moir mhóir,
is meise dom thoigh ón tráigh,
dob é an t-anadh aimhghlic úaim
sgaradh re a ghrúaidh mbaillbhric mbáin.

7 Ránag Magh Fáil fa bhfuil tonn,
mo dháil tar an muir is mall;
trúagh mo thadhall fan bhfíadh bhfionn:
dar liom do bhíadh m’anam ann.

8 Báoth mé gan leanmhuin mo láoigh
tar an ngleannmhuir go ngné rúaidh:
beithear arna thocht gan treóir,
gan f*h*eitheamh m’eóin dob olc úaim.

9 Ní mhair Fearchar go bhfolt núa,
iona thocht do mheallfadh mná:
do-chúaidh ar bhfear dúasach dhó,
ní ag cnúasach bó am theagh atá.

10 Ní thig neach anoir ná aníar
dom thoigh ré heach ná ré hór:
teagaimh gach fear dána dhún,
acht an geal úr málla mór.

11 A lucht do mharbh an ngéig ngil,
is do léig fan arm a fhuil,
níor cháin an fear, níor áor ibh,
níor libh a tháobh geal do ghuin.

12 Fada a charaid ó a churp s*h*áor,
ní anaid an lucht gá lúadh;
folt na ngleann bhfionnbhuidhe bhfíar,
cían dream a ionghuire úadh.

13 Ó Máoil Chíarán mo cháor núa,
mo g*h*ríanán áoil, mo chráobh chnó,
dream gan shuan am thigh atá,
na mná 'na fir fa dúal dó.

14 An tráth do sgáoileadh an sgéal,
cách dhá cháoineadh nochar cheól,
mar do bháoi ar tteach doba trúagh,
neach ag cáoi úadh, neach a neól.

15 Gol a mháthar fá mór é,
gur clódh a láthar 's a lí,
tairnig a corp agá cháoi,
olc don mhnáoi nárbh aimrid í.

16 As é ar mac ar marbhadh féin,
an tshlat is amhglar a n-úaigh;
as é a bhás rom béara a n-úir,
is méala dhúin a fhás úain.

17 Gér bheódha gach deighfhear dhíobh,
ba neimhsheadh g*ac*h deóra dháibh;
a dhíoghail ní headh do-fhúair,
do-chúaidh do ríoghaibh bhfear bhFáil.

18 Brígh mo chumhadh ní choisg lionn,
mo roisg ón dubhadh is dall,
m'ucht 'na chrosradh*aig*h chnámh lom,
's a lán trom d'osnadhaibh ann.

19 Ní thráigh mo chumha le ceól,
nocha dáigh a dula dhíom,
nocha ttoirneann bean mo bhrón,
ná fleadh ná glór roibheann ríogh.

20 Do chuir ar maicne fa mháoith,
ar n-aicme ní chluin an ccúaich:
a aghaidh óg ’s a bhonn bláith
fá fhód cháich is trom re túaith.

21 Iomdha tromhuinn goin dá ghrádh
trém choluinn soir *agus* síar;
na doighthe ag dubhadh mo ghrúadh,
goithne fhúar chumhadh trém chlíabh.

22 Atá táobh ar sáoirmheic sunn
fá áoinleic risan ndáol ndonn:
sáidhfidh dáol am chneassa a cheann,
measa leam an táobh do tholl.

23 Turus mo mheic tar muir síar
do luigh ’na leic ar mo lár:
do-gheabhtha chrodh gan chreic ndúan,
truagh a mheic do dhol re dán.

24 Mo mhac sáor ro ghonsad Goill,
mo láogh an tslat bhosbhog bhinn ;
a mheic, giodh gan bhúar do bheinn,
is trúagh leinn gan do leic linn.

25 Ionmhuin trá*cht* nachar throm lúdh,
ionmhuin bonn mar bhláth na ccáor,
ionmhuin seangthroigh is bos bhán,
cos is lámh Fhearchoir ar-áon.

26 Faríor as é an t-aisdear olc
ar ttaisdeal ó phort do phurt:
mé úair ag loighe ar a lea*cht*,
fea*cht* oile ’s a uaigh rem ucht.

27 Seanmóir cháich ní théid fam thuinn,
trésan ngéig ngealmhóir mbláith mbinn:
cách uile dá ccrádh fá a ccloinn -
gá poinn do dhuine a rádh rinn?

28 Dar linn ní coimseach ar ccíall;
sinn go toirrseach agá thúr,
mur chubhar ngeal ar áth fhúar,
am sgáth thrúagh gan sheagh g*an* shúgh.

29 Cumha Í Mháoil Chíarán am churp,
ar síadhán atám dá tho*cht*;
gan mo dhul d’éag lé ar a leacht,
créad nach budh dleacht cré ar mo chorp?

30 Tug h’úidh ar Dhía riomsa, a Rí,
ní bhía súil am chionnsa ón cháoi:
an trúagh lat mo dhéar a Dhé?
féagh mé gan mhac is gan mhnáoi.

31 Easbhuidh goin an ghille sháoir,
easbhuidh linne a oil a n-úir,
táinig dh’olc an oidhidh fúair,
a tho*cht* úain gur dhoiligh dhúin.

32 Bás Fearchuir ag searg ar súl,
mur cheard gan teannchuir atám;
rug mh’ar *agus* mh’eagar úam,
trúagh dhamh a leagadh ar lár.

33 Do-roin*ne* an Coimdhe c*h*reich ttruim,
oirne dá gach leith do ling,
do-rad mé an Coimdhe gan chloinn,
ní hé a roinn do-roighne rinn.

34 Níor dhamh dligheadh damhsa Día,
mo chlannsa gér chineadh núa:
is mé an tshlat do chuir a cnú,
atú gan mhac ’s ní fhuil mh’úa.

35 Reic a mharbhna as dár láoibh leóin,
g*ur*ab tarbha don táoibh fúair;
is dubhach olc ’na dúais dúin,
rug s*h*úil is c*h*lúais is f*h*olt úainn.

36 Dul ar a lighe gach láoi
do dhubh mo chridhe is mo chlí;
úaigh Fhearchuir giodh úaine a gné,
bearrfuidh mé gach úaire í.

37 Bróg tar teach do teilgeadh leam
ag tea*cht* tar an ndeirggeal ndonn:
do reith fear is do fhéagh ann
n*ar* bhean tall a béal fá a bonn.

38 As prap ruguis é úan
an mac tugais a Dhé dhún ;
ón ló teasda an té fá a ttám,
do shlán, a Dhé, feasda fúm.

39 Mo mhac roba náoidhe núa,
fá cáoimhe ioná gach mac mná;
do cheannach nimhe ar dhigh dhó
a bhó dhighe am thigh atá.

40 Cubhránach (?) mo chroidhe am chlíabh,
mo shoidhe gulánach (?) géar,
a ghnáoi fhallsa ag snoighe ar súl,
súgh mo chroidhe dhamhsa a dhéar.

41 Iomdha rem dhreich srothán síos,
ochán gan mo bhreith don bhás:
is mé an crann do chuir a chnúas,
mo bharr súas ní fhuil ar ás.

42 A adhbhasa um an ccorp ccáomh,
ním calmasa ort, a úagh;
a bhoth a ndéanadh a dhán,
och mur tám got fhéaghadh úam.

43 Gan mhac feasda is fada leinn
ar aba cheasda san chill;
mo bhean nocha bhéara c*h*loinn,
croinn gan fhréamha budh eadh inn.

44 Gach úair ghuilim tré fhleisg Lí
cuirim mur cheisd agá cháoi:
bean an bhaile nár bhac é,
a Dhé, an raibhe mac ’gan mhnáoi?

45 Och is dubha fhallsa í,
guth dhamhsa gan dula lé;
anbhann mo chorp is mo chlí,
is olc dhí nach marbhann mé.

46 An filise ’s an féar thríd,
mo chridhise an béal gan bhréig,
an tsháorshlat gan mhuirn gan mhóid,
cáolbhrat fóid ghuirm ar an ngéig.

47 Guilim ar a los gach láoi,
ní fhuilim anos do ní;
as í a mharbhnaidh do mheasg mé,
a Dhé, is leasg lem anmuin í.

48 Níor ghabh dhíom an Coimdhe cead
fan ngníomh - mur do-roighne rug;
diomdhach mé don Rígh do-rad,
mur do ghad dínn an té tug. Tugadh oirne.